Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Feabhra 2024
(OR. en)

6616/24

TRANS 82

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 6581/24 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6230/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a bhunú agus ag an gcéad seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal XII de Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoic Iarnróid<br>– Glacadh |

1. Leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid (‘Prótacal Lucsamburg’), a glacadh an 23 Feabhra 2007 i Lucsamburg, bunaítear creat dlíthiúil domhanda maidir le haithint, tosaíochtaí agus forfheidhmiú ceart creidiúnaithe agus ceart léasóra, chomh maith le córas chun uimhreacha aitheantais a leithdháileadh ag an gCláraitheoir lena gcumasaítear ítimí rothstoic iarnróid a shainaithint go huathúil.

2. Trí bhíthin Chinneadh 2014/888/AE ón gComhairle[1], d’fhormheas an tAontas Eorpach Prótacal Lucsamburg i leith a inniúlachtaí mar a shainítear iad sa Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh sin.

[1] IO L 353, 10.12.2014, lch. 9.

3. Tá sé beartaithe go dtionólfar an 12ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin chun an Chlárlann Idirnáisiúnta um Rothstoic Iarnróid a bhunú agus an chéad seisiún den Údarás Maoirseachta de chuid Phrótacal Lucsamburg i mBeirn na hEilvéise an 7 agus an 8 Márta 2024 faoi seach.

4. An 26 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún nóta faisnéise faoi bhráid na Comhairle ina bhfuil achoimre ar an dréachtsheasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag na cruinnithe thuasluaite. Tháinig togra foirmiúil ón gCoimisiún ina dhiaidh sin an 6 Feabhra 2024.

5. Baineann an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil leis an méid seo a leanas a bheartaítear a ghlacadh:

(a) Reachtanna agus Rialacha Nós Imeachta an Údaráis Maoirseachta;

(b) an Comhaontú idir Údarás Maoirseachta Phrótacal Lucsamburg agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le feidhmeanna na Rúnaíochta;

(c) Rialacháin agus Nósanna Imeachta na Clárlainne Idirnáisiúnta um Rothstoc Iarnróid;

(d) na Rialacha Samhla maidir le Sainaitheantas Buan an Rothstoic Iarnróid arna bhforbairt faoi chuimsiú Choiste Iompair Intíre Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

6. Pléadh an nóta faisnéise agus an togra sa Mheitheal um Iompar de Thalamh an 30 Eanáir agus an 13 Feabhra 2024 faoi seach. Níor iarr na toscaireachtaí aon athrú ar an dréachtsheasamh, dá bhrí sin measadh go raibh an plé ar leibhéal na meithle dúnta.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an dréachtchinneadh mar a leagtar amach in 6581/24 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus aguisín 1 a ghabhann leis, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh.

8. A luaithe a ghlacfar an cinneadh, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.